Tearmaí agus Coinníollacha

- Scéim scoláireachta oscailte do scoláire ar bith atá ina bhall do Chomhar Creidmheasa Cholm Cille agus atá ag leanacht ar aghaidh chuig institúid tríú leibhéal, printíseacht nó cúrsa lán aimseartha tar éis na hardteiste, atá aitheanta ag an CAO.
- Glacfar le hiarratais ó scoláirí atá ag tosú amach ar chúrsa tríú leibhéal i mbliana tar éis na hardteiste nó atá ag freastal ar choláiste faoi láthair agus atá ag filleadh ar ais ar choláiste i mbliana.
- Oscailte do bhaill Chomhar Creidmheasa Cholm Cille nó aon bhall nua a ghlacann ballraíocht idir seo agus dáta deireadh iontrála an chomórtais, 30ú Meán Fómhair.
- Is tarraingt oscailte a bheidh ann a chiallaíonn go mbeidh an deis chéanna ag gach ball an scoláireacht a bhuachan.
- Ní ghlacfaidh an Comhar Creidmheasa le hiarratais ach do chursaí lán aimseartha amháin.
- Íocfar an scoláireacht ar choinníoll go bhfuil áit faighte ag an mbuaiteoir ar chúrsa agus ní mór cruthúnas a chur ar fáil maidir leis seo sula ndéanfar íocaíocht.
- Gheobhaidh na scolaírí buacacha a gcuid íocaíochtaí scoláireachta ina dhá chuid, i.e.an chéad íocaíocht de €750 i mí Dheireadh Fómhair agus an fuílleach i mí Feabhra. Beidh ar iarrthoirí cruthúnas a chur ar fáil go bhfuil siad fós ag freastal ar an gcúrsa i mí Feabhra.
- Nuair a dhéanann tú iarratas ar an gcomórtas don scoláireacht, tá tú ag glacadh leis má bhuann tú an scoláireacht go nglacfaidh tú páirt in aon fhógraíocht, mar shampla grianghraif a fhoilseoidh Comhar Creidmheasa Cholm Cille.
- Ní féidir le baill teaghlaigh de chuid fhoireann an Chomhair Creidmheasa nó aon bhall teaghlaigh de chuid bhord stiúrtha an Chomhair Creidmheasa a bheith páirteach sa chomórtas.
- Ní féidir leis an té a bhuann an comórtas cur isteach ar an gcomórtas arís an bhliain dár gcionn.
- Is faoin gcoiste an cinneadh deireanach a dhéanamh.

DÉAN TEAGMHÁIL LINN

091–593421 / 091–869915

086–8484751

oifig@ccholmcille.ie

Comhar Creidmheasa
Cholm Cille Teo

"TÁ COMHAR CREIDMHEASA CHOLM CILLE TAR ÉIS SCÉIM SCOLÁIREACHTA A CHRUTHÚ CHUN CUIDIÚ LE SCOLÁIRÍ AN CHEANTAIR A GCUID COSTAS A BHAINISTIÚ IS IAD AG CUR LENA GCUID OIDEACHAIS CIBÉ AR CÚRSA TRÍÚ LEIBHÉAL NÓ CÚRSA PRINTÍSEACHTA ATÁ ANN"

OSCAIL CUNTAS LINN INNIU AGUS BEIDH DEIS AGAT AN DUAIS IONTACH SEO A BHUACHAN !!

Tarraingt oscailte a bheidh i gceist agus beidh an deis chéanna ag gach ball an scoláireacht a bhuachaint



SCÉIM SCOLÁIREACHTA CHOMHAR CREIDMHEASA CHOLM CILLE

SCOLÁIREACHT DE €1,500 LE BUACHAINT

IASACHTAÍ OIDEACHAIS

Ráta 6.7% APR

Cuireann Comhar Creidmheasa Cholm Cille Iasachtaí Oideachais ar fáil do bhaill chun cuidiú leo le costais & billí oideachais.

Is cuma céard atá uait, más carr chun freastal ar an gcoláiste, cíos a íoc, táillí coláiste nó fiú árachas a chur ar do charr, labhair le duine den fhoireann iasachta agus cuideoidh siad leat.

TÁ AN SCÉIM SCOLÁIREACHTA OSCAILTE D'AON DUINE ATÁ

- Ina bhall do Chomhar Creidmheasa Cholm Cille
- Ag freastal ar chúrsa tríú leibhéal faoi láthair nó i mbun printíseachta
- Tar éis na hardteiste a chríochnú agus súil acu freastal ar chúrsa tríú leibhéal i mbliana.

CONAS IS FÉIDIR LIOM CUR ISTEACH AR AN GCOMÓRTAS?

- Bí i do bhall do Chomhar Creidmheasa Cholm Cille
- Líon isteach an fhoirm iarratais leis seo agus seol isteach é chuig oifig@cccholmcille.ie nó fág istigh í i gceachtar den dá oifig roimh 30ú Meán Fómhair
- Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne freisin ar ár suíomh idirlín www.cccholmcille.ie
- Mura bhfuil tú i do bhall den Chomhar Creidmheasa is féidir leat ballraíocht a ghlacadh trí iarratas a dhéanamh ar líne.

FOIRM IARRATAIS

Ainm an Bhaill .....

Uimhir Chuntais .....

Seoladh .....

.....

Fón .....

Dáta Breithe .....

Ríomhphost .....

Cúrsa Tríú Leibhéal .....

Tréimhse & Cód an Chúrsa .....

An Bliain ina Bhfuil Tú .....

Ar mhaithe lenár seirbhisí a fheabhsú, ba mhaith linn thú a chur ar an eolas faoi na seirbhisí, comórtais nó faoi tháirgí nua atá á gcur ar fáil againn. Léirigh thíos má tá tú sasta go ndéanann muid teagmháil leat:

Tá ☐ **Níl** ☐

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas thuas ceart. Dearbhaím freisin gur léigh mé agus go dtuigim na téarmaí agus coinníollachta a bhaineann leis an gcomórtas.

Síniú .....

Dáta .....

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo